# Epistil Phoil absdail chum Tituis
# The Epistle of Paul to Titus

## *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

# Chapter

**1** **2** **3**

# Epistil Phoil absdail chum Tituis
# The Epistle of Paul to Titus

**William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition**

## Caibidil 1

*Módha na ndeagh easbóg agus na seanóireadh; 12 re peacadh dúthaidh na Gcrétánuigh, in-imdheargadh.*

1 Pol, searbhfhoghantuigh Dé, agus absdal Iosa Críosd, do réir chreidimh dháoine thóghtha Dé, agus admhála na fírinne, noch atá réir dhíaghachda;

2 Chum muinighne na beatha marthanuighe, noch do gheall Día, ris nach féidir bréug a dhéunamh, suil do crúthuigheadh an dómhan;

3 Achd do fhoillsigh sé a bhríathar a nám iomchubhaidh tré sheanmóir *an tsoisgeil*, do fágbhadh táobh riumsa do réir áithne De ar Slánaightheóra;

4 Chum Títuis, *mo* mhac ionmhuin, do réir an chréidimh choitchinn: Grása, trócaire, *agus* síothcháin ó Dhía Athair agus ón Dtíghearna Iósa Críosd ar Slánaightheóir.

5 A sé ádhbhar fár fhág mé thú a Gcréta, ionnus go leanfá do chéartughadh na neitheann atá fós gan cheartughadh, agus go nóirdeócha sagairt ann gach cathair, do réir mar do aithin mé dhiot:

6 Má atá neach ar bith neamhlochdach, na fhior éun mhná, agá bhfuil clann ionnruic, nach féidir éiliughadh fá neamhmeasarrghachd, na easúmhal.

7 Oír as cóir easbog do bheith neamhlochdach, mar fheadhmantach Dé, gan bheith dhó ag ríoth réir a thóla féin, ná feargach, ná ró fhonnmhar a bhfíon, ná buáilteach, ná dúil do bheith aige a néudáil neamhghloin;

8 Achd na fhear tighe áoigheadh do chongmháil, grádhach air dháoinibh maithe, na dhuine aireach, chomhthrom, náomhtha, mheasarrgha;

9 Ag congmháil na bréithre dísle go daingean do réir theaguisg, ionnus go madh féidir léis teagusg do thabhairt úadh maille ré foirceadal fallain agus an dream labhrus na aghuidh do bhréugnughadh.

10 Oír atáid iomad do dháoinibh easúmhla ann labhras go diomháoin agus na mealltóiridh, go háirighe an luchd atá don timchillghearradh:

11 Dár ab éigean a mbéul do stopadh, dream chuireas tighthe go huilidhe fá chéile, ag

**The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition**

## Chapter 1

1 Paul, a servant of God, and an apostle of Jesus Christ, according to the faith of God's elect, and the acknowledging of the truth which is after godliness;

2 In hope of eternal life, which God, that cannot lie, promised before the world began;

3 But hath in due times manifested his word through preaching, which is committed unto me according to the commandment of God our Saviour;

4 To Titus, *mine* own son after the common faith: Grace, mercy, *and* peace, from God the Father and the Lord Jesus Christ our Saviour.

5 For this cause left I thee in Crete, that thou shouldest set in order the things that are wanting, and ordain elders in every city, as I had appointed thee:

6 If any be blameless, the husband of one wife, having faithful children not accused of riot or unruly.

7 For a bishop must be blameless, as the steward of God; not selfwilled, not soon angry, not given to wine, no striker, not given to filthy lucre;

8 But a lover of hospitality, a lover of good men, sober, just, holy, temperate;

9 Holding fast the faithful word as he hath been taught, that he may be able by sound doctrine both to exhort and to convince the gainsayers.

10 For there are many unruly and vain talkers and deceivers, specially they of the circumcision:

11 Whose mouths must be stopped, who subvert whole houses, teaching things which

teagusg neitheann nach cóir, do ghrádh eudála néamhghloine.
12 A dubhairt neach áirighe dhíobh féin, a bhfáidh díleas féin, Bréugairigh do ghnáth na Crétánuigh, droch ainmhinteadha, builg fhallsa.
13 As fíor an fhíadhnuisese. Uime sin spreag íad go géur, chum a mbeith diongmhálta sa gcreideamh;
14 Agus gan aire do thabhairt do sgéuluibh fábhuill na Níuduigheadh, agus daitheantuibh dáoineadh, atá ar niompógh on bhfírinne.
15 *Atáid* na huile neithe go deimhin glan don druing atá glan: achd don druing atá salach agus gan chreideamh ni *bhfuil* éinní glan; achd fós atá a ninntinn agus a ccoinnsías salach.
16 Admhuighid síad eólas do bheith aca air Dhía; gidheadh séunuid a ngníomharthuibh *é*, ar mbeith dhóibh adhfhúathmhar, easúmhal, agus mearuighthe a dtáobh gach uile dhéaghoibbre.

they ought not, for filthy lucre's sake.
12 One of themselves, *even* a prophet of their own, said, The Cretians *are* alway liars, evil beasts, slow bellies.
13 This witness is true. Wherefore rebuke them sharply, that they may be sound in the faith;
14 Not giving heed to Jewish fables, and commandments of men, that turn from the truth.
15 Unto the pure all things *are* pure: but unto them that are defiled and unbelieving *is* nothing pure; but even their mind and conscience is defiled.
16 They profess that they know God; but in works they deny *him*, being abominable, and disobedient, and unto every good work reprobate.

## Caibidil 2

*Teagusg agus eisiomlar Thituis ré bheith 11 do reir sholuis an tsoisgeil, do nuile cháil dhaóine.*

1 Achd labhairse na neithe thig ré teagusg fallain:
2 *Eadhon* dáoine áosda do bheith aireach, trómgha, measárgha, diongmhálta a gcréideamh, a ngrádh, *agus* a bhfoighid.
3 Na mná áosda mar an gcéudna, a naibíd iomchubhaidh do náomhthachd, gan *bheith* na luchd eílighe go héugcoir, gan íad féin do thabhairt go hiomarcach dfíon, na luchd teaguisg neitheann maith;
4 As go dtiubhradáois fo deara do na mnáibh óga bheith súaimhneach ann a ninntinn, grádhach air a bhfearuibh, agus air a gcloinn,
5 Measárrgha, geanmnuidh, comhnuigheach na dtighthibh, maith, úmhal da bhfearuibh féin, deagla bhréithre Dé do mhaslughadh.
6 Teaguisg na hóganuidh mar an gcéudna fá bheith suáimhneach na ninntinn.
7 Taisbein thú fein sna huile neithibh ad eisiompláir dheaghoibrightheadh: maille ré teagusg neamhthruáillighe, trómgha, fiórghlanadh,
8 Briathar fhalláin nách feidir a lochdughadh; ionnus go mbíadh adhnáire ar an to chuireas bhur naghuidh, ar mbeith dhó gan droch ní ar bith aige ré a radh bhur dtáobhso.
9 *Teaguisg* na searbhfhoghantuighidh fá bheith úmhal dá maighisdrighibh, fa na dtoil

## Chapter 2

1 But speak thou the things which become sound doctrine:
2 That the aged men be sober, grave, temperate, sound in faith, in charity, in patience.
3 The aged women likewise, that *they be* in behaviour as becometh holiness, not false accusers, not given to much wine, teachers of good things;
4 That they may teach the young women to be sober, to love their husbands, to love their children,
5 *To be* discreet, chaste, keepers at home, good, obedient to their own husbands, that the word of God be not blasphemed.
6 Young men likewise exhort to be sober minded.
7 In all things shewing thyself a pattern of good works: in doctrine *shewing* uncorruptness, gravity, sincerity,
8 Sound speech, that cannot be condemned; that he that is of the contrary part may be ashamed, having no evil thing to say of you.
9 *Exhort* servants to be obedient unto their own masters, *and* to please *them* well in all

do dhéunamh sna huile *neithibh;* gan cur a naghuidh a mbriathar;
10 Gan éinní dha gcuid do théultógh úatha, achd a nuile choinghioll maith do tháisbéunadh dhóibh; ionnus go ndéunaidís teagusg Dé ar Slánaightheóra taitneamhach ar gach éunchor.
11 Oír do shoillsigh gras Dé go deallruigheach do bheir slánughadh ris, chum na nuile dháoineadh,
12 Ag tabhairt teagusg dhúinne, fá neamhdhíaghachd agus ainmhían a tsáoghháilse do sheachna, agus fa ar mbeatha do chaitheamh dhúinn go measarrgha, agus go cómhthrom, agus godíagha, sa tsáoghalsa a láthair;
13 Ar mbeith dhúinn ag fuireach ris an muinghin bheannuighe, agus re teachd deallruigheach ghloire an Dé mhóir eadhon ar Slánaightheóra Iósa Críosd;
14 Tug é féin air ar son, chum ar bfúasgalta ó gach uile pheacadh, agus chum ar nglanta ionnus go mbeimís ar pobal geanamhuil aige féin, ag leanmhuin go dúthrachdach do dheaghoíbrighibh.
15 Labhair, agus teaguisg na neithese, agus ceartuigh maille ris a nuile úghdarrás. Ná tarcaisnigheadh éunduine thú.

*things*; not answering again;
10 Not purloining, but shewing all good fidelity; that they may adorn the doctrine of God our Saviour in all things.
11 For the grace of God that bringeth salvation hath appeared to all men,
12 Teaching us that, denying ungodliness and worldly lusts, we should live soberly, righteously, and godly, in this present world;
13 Looking for that blessed hope, and the glorious appearing of the great God and our Saviour Jesus Christ;
14 Who gave himself for us, that he might redeem us from all iniquity, and purify unto himself a peculiar people, zealous of good works.
15 These things speak, and exhort, and rebuke with all authority. Let no man despise thee.

## Caibidil 3

*Feíle Dé, agus deagh oibrighe do chur a gcuimhne; 9 achd ní híad ceasda éigcéillidhe.*

1 Cuir a gcuimhne dhóibh bheith úmhal dúachdaránachduibh agus do chúmhachduibh, urruim do thabhairt úatha úmhadh dá bheith ullamh chum gach uile dheaghoibre mhaóribh,
2 Gan neach ar bith do mhaslughadh, gan bheith brúighneach, *achd* suáimhneach, ag táisbéunadh na huile cheannsachda do na huile dháoinibh.
3 Oír do bhamairne féin ar úairibh éigcéillidhe, easúmhal, ag dul ar seachrán, ag leanmhuin dainmíanuibh agus danntoilibh eugsámhla, ag caitheamh ar mbeatha a miosguis agus a dtnúth, fúathmhar, *agus* ag fúathughadh a cheilé.
4 Achd an tan do shoillsigh féile agus grádh Dé ar Slánaightheóra do dháoinibh,
5 Ní do réir na noibrightheadh bhfiréunnda do rinneamairne, achd do réir a thrócaire féin do sháor sé sinn, tré ionnladh na haithghineamhna, agus tré athnúadhughadh an Spiorad Náoimh;

## Chapter 3

1 Put them in mind to be subject to principalities and powers, to obey magistrates, to be ready to every good work,
2 To speak evil of no man, to be no brawlers, *but* gentle, shewing all meekness unto all men.
3 For we ourselves also were sometimes foolish, disobedient, deceived, serving divers lusts and pleasures, living in malice and envy, hateful, *and* hating one another.
4 But after that the kindness and love of God our Saviour toward man appeared,
5 Not by works of righteousness which we have done, but according to his mercy he saved us, by the washing of regeneration, and renewing of the Holy Ghost;

6 Do dhóirt sé oruinn go saidhbhir tré Íósa Críosd ar Slanuightheoir.
7 Ionnus ar mbeith dhúinn air ar sáoradh tré na ghrásuibhsion, go ndeuntáoi oighreadha dhínn do réir mhuinighne na beatha marthannuighe.
8 *As* fírinneach an rádh so, agus is áill leam thú dheimhniughadh na neitheansa, ionnus go mbíadh an dream do chreid do Dhía ro dhíthchiollach a ndéaghoibrighibh do dhéunamh. As íad so na neithe théid a sóchar agus a dtarbha do dháoinibh.
9 Achd toirmisg ceasda éigcéillidhe, agus seanchuis, agus connsbóid, agus imreasana a dtimchioll an reachda; óir atáid síad gan tarbha gan éifeachd.
10 An tí atá na eiriceach tair éis fógra no dhó thabhairt dó seachuin é;
11 Ar mbeíth a fheasa agad go bhfuil a shamhuil sin do neach ar ndul fá chéile, agus go bpeacuigheann sé, ar mbeith dhó damnuighthe úadh féin.
12 An tan chuirfeas mé Artemas chugad, nó Tichicus, déun deithneas ré theachd chugam go Nicopolis: óir is ann sin do chuir mé romhan an geimhreadh chaitheamh.
13 Seól uáid go dúthrachdach sa tslíghe Sénas an fear dlighe agus Apollos, ar ghléus nách mbiáidh uireasbhuidh éinneithe orrtha.
14 Agus déunuid an dream as dínne mar an gcéudna fóghluim ar dheaghoibrighibh do dhéunamh chum na ngnáthuighteadh riachdanach, ionnus nach beídis neamhthoruidheach.
15 Cuirid a bhfuil um fhochairse uile a mbeannachd chugad. Teann riot an mhéid ghrádhuigheas sinne sa gcreideamh. Grása maille ribh uile. Amen.

6 Which he shed on us abundantly through Jesus Christ our Saviour;
7 That being justified by his grace, we should be made heirs according to the hope of eternal life.
8 *This is* a faithful saying, and these things I will that thou affirm constantly, that they which have believed in God might be careful to maintain good works. These things are good and profitable unto men.
9 But avoid foolish questions, and genealogies, and contentions, and strivings about the law; for they are unprofitable and vain.
10 A man that is an heretick after the first and second admonition reject;
11 Knowing that he that is such is subverted, and sinneth, being condemned of himself.
12 When I shall send Artemas unto thee, or Tychicus, be diligent to come unto me to Nicopolis: for I have determined there to winter.
13 Bring Zenas the lawyer and Apollos on their journey diligently, that nothing be wanting unto them.
14 And let ours also learn to maintain good works for necessary uses, that they be not unfruitful.
15 All that are with me salute thee. Greet them that love us in the faith. Grace *be* with you all. Amen.